Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 28 Bealtaine 2025**
**(OR. en)**

**9525/25**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2025/0142 (NLE)**

**ECOFIN 617**
**UEM 172**
**FIN 580**
***ECB***
***EIB***

## NÓTA CLÚDAIGH

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 27 Bealtaine 2025 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2025) 276 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh<br>CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE<br>lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) (ST 11941/2021 INIT; ST 11941/2021 ADD 1) ón gComhairle an 5 Deireadh Fómhair 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta Mhálta |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2025) 276 final.

---

Faoi iamh: COM(2025) 276 final

AN COIMISIÚN EORPACH

An Bhruiséil, 27.5.2025
COM(2025) 276 final

2025/0142 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE

**lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) (ST 11941/2021 INIT; ST 11941/2021 ADD 1) ón gComhairle an 5 Deireadh Fómhair 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta Mhálta**

2025/0142 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE

## lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) (ST 11941/2021 INIT; ST 11941/2021 ADD 1) ón gComhairle an 5 Deireadh Fómhair 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta Mhálta

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta[1], agus go háirithe Airteagal 20(1) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I ndiaidh do Mhálta an plean téarnaimh agus athléimneachta náisiúnta a chur isteach an 13 Iúil 2021, mhol an Coimisiún a mheasúnú dearfach don Chomhairle. D'fhormheas an Chomhairle an measúnú dearfach trí bhíthin Chinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 5 Deireadh Fómhair 2021[2]. Leasaíodh an Cinneadh Cur Chun Feidhme sin ón gComhairle an 14 Iúil 2023[3].

(2) An 16 Aibreán 2025, rinne Málta iarraidh réasúnaithe ar an gCoimisiún togra a dhéanamh le haghaidh Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 5 Deireadh Fómhair 2021 a leasú i gcomhréir le hAirteagal 21(1) de Rialachán (AE) 2021/241, ós rud é nach féidir an plean téarnaimh agus athléimneachta a bhaint amach ina iomláine a thuilleadh i ngeall ar imthosca oibiachtúla. Ar an mbonn sin, tá plean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe curtha isteach ag Málta.

***Leasuithe bunaithe ar Airteagal 21 de Rialachán (AE) 2021/241***

(3) Na leasuithe ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta a chuir Málta isteach i ngeall ar imthosca oibiachtúla, baineann siad le 18 mbeart.

(4) Mhínigh Málta nach féidir sprioc 4.6 de C4-R1 (Creat beartais sláinte a fhorbairt agus a chur chun feidhme atá dírithe ar an gcóras sláinte a dhéanamh níos inbhuanaithe agus níos athléimní, agus béim ar leith á leagan ar an tsláinte choisctheach agus ar lucht saothair láidir) faoi chomhchuid 4 (Sláinte) a bhaint amach ina hiomláine a thuilleadh mar gheall ar chineál éileamh-bhunaithe an chláir inar iarradh ar

[1] IO L 57, 18.2.2021, lch. 17.
[2] ST 11941/2021 INIT; ST 11941/2021 ADD 1.
[3] ST 11202/2023 INIT; ST 11202/2023 ADD 1.

thuismitheoirí páirt a ghlacadh i scagthástálacha agus nach raibh neart ag na húdaráis ar a nglacadh, agus bhí tionchar diúltach ag tabhairt isteach an chláir le linn na paindéime ar rannpháirtíocht sa chlár. Ar an mbonn sin, d'iarr Málta cumhdach an chláir a laghdú agus síneadh a chur le hamlíne chur chun feidhme na sprice thuasluaite. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 5 Deireadh Fómhair 2021 a leasú dá réir.

(5) Maidir le sprioc 6.19 maidir leis an líon ball foirne ag an mBiúró um Aisghabháil Sócmhainní a mhéadú, cuid de bheart C6-R5: *An Biúró um Aisghabháil Sócmhainní a athchóiriú* faoi chomhchuid 6: *An creat institiúideach a neartú*, mhínigh Málta go mbainfear an sprioc sin amach ina hiomláine ach go mbeidh moill uirthi i ngeall ar dheacrachtaí oibiachtúla sa phróiseas earcaíochta nach bhfuil neart ag an Rialtas orthu. Go sonrach, bhí an líon teoranta iarratas oiriúnach a fuarthas i measc na ndeacrachtaí a bhí ann, d'ainneoin glaonna earcaíochta oscailte a rinneadh arís agus arís eile i gcomhthéacs margadh saothair ina raibh an-ghanntanas. Ar an mbonn sin, d'iarr Málta sprioc 6.19 a dheighilt ina dá sprioc a bheadh le baint amach i gcaitheamh 2023 agus 2025. Thairis sin, d'iarr Málta síneadh a chur le hamlíne chur chun feidhme bheart C6-R5: *An Biúró um Aisghabháil Sócmhainní a athchóiriú*. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 5 Deireadh Fómhair 2021 a leasú dá réir.

(6) Mhínigh Málta go ndearnadh trí bheart a leasú chun roghanna malartacha níos fearr a chur chun feidhme ar mhaithe le huaillmhian bhunaidh an bhirt a bhaint amach. Baineann sé sin le sprioc 2.3 agus an tuairisc ar an athchóiriú faoi bheart C2-R2: *Tuilleadh úsáide a bhaint as an iompar poiblí comhchoiteann de bhóthar a chur chun cinn* faoi chomhchuid 2: *An t-iompar a dhícharbónú*. Baineann sé sin le sprioc 6.19 faoi bheart C6-R5: *An Biúró um Aisghabháil Sócmhainní a athchóiriú*, agus sprioc 6.33 agus sprioc 6.34 faoi bheart C6-R10: *Reachtaíocht shonrach maidir le Praghsáil Aistrithe* faoi chomhchuid 6: *An creat institiúideach a neartú*. Ar an mbonn sin, d'iarr Málta an tuairisc ar na bearta (C2-R2: *Tuilleadh úsáide a bhaint as an iompar poiblí comhchoiteann de bhóthar a chur chun cinn*) a leasú agus an tuairisc ar na spriocanna (6.19; 6.33; 6.34) a leasú. Thairis sin, d'iarr Málta sprioc 2.3 a bhaint agus cloch mhíle nua 2.3 a chur leis. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 5 Deireadh Fómhair 2021 a leasú dá réir.

(7) Mhínigh Málta go ndearnadh 16 bheart a leasú chun rogha mhalartach níos fearr a chur chun feidhme lenar féidir an t-ualach riaracháin a laghdú agus cuspóirí na mbeart lena mbaineann á mbaint amach an tráth céanna. Baineann sé sin leis an tuairisc ar an athchóiriú agus cloch mhíle 1.2 agus sprioc 1.4 faoi bheart C1-R1: *Straitéis athchóirithe fhadtéarmach a fhorbairt*, cloch mhíle 1.10 faoi bheart C1-R2: *Bainistiú éifeachtach dramhaíola a chothú trí chreat láidir rialachais dramhaíola lena n-áirítear an córas bailithe dramhaíola a athchóiriú*, an tuairisc ar an infheistíocht agus sprioc 1.15 faoi bheart C1-I1: *Infheistíocht in athchóiriú agus glasú foirgneamh san earnáil phoiblí agus san earnáil phríobháideach, lena n-áirítear iarfheistiú trí éifeachtúlacht fuinnimh agus acmhainne*, an tuairisc ar an infheistíocht agus sprioc 1.24 faoi bheart C1-I3: *Infheistíocht in athchóiriú, iarfheistiú agus fuinneamh in-athnuaite i scoileanna poiblí*, agus an tuairisc ar infheistíocht C1-I4: *Infheistíocht i scoil phíolótach a thógáil a bheadh nach mór neodrach ó thaobh carbóin de chun bheith ina samhail don todhchaí agus chun eispéireas foghlama a sheasfaidh an aimsir a sholáthar do dhaltaí* faoi chomhchuid 1 *Aghaidh a thabhairt ar an aeráidneodracht trí éifeachtúlacht fuinnimh fheabhsaithe, an fuinneamh glan agus geilleagar ciorclach*. Baineann sé sin leis an tuairisc ar an athchóiriú faoi bheart C2-R6: *Bainistiú soghluaisteachta feabhsaithe sa tSeirbhís Phoiblí trí chuíchóiriú an fhlít*

*agus seirbhísí soghluaisteachta iompair níos fearr*, sprioc 2.16a agus sprioc 2.17 faoi bheart C2-I2: *Feabhas a chur ar ghlacadh feithiclí leictreacha san earnáil phríobháideach*, agus cloch mhíle 2.18 faoi bheart C2-I3: *Flít na hearnála poiblí a dhícharbónú* faoi chomhchuid 2: *An t-iompar a dhícharbónú*. Baineann sé sin leis an tuairisc ar an athchóiriú agus sprioc 3.2 faoi bheart C3-R1: *An claochlú digiteach a dhoimhniú trí athchóiriú beartais, agus béim á leagan ar an mbearna dhigiteach a laghdú agus scileanna digiteacha a chur chun cinn* agus an tuairisc ar infheistíocht C3-I1: *Athléimneacht, slándáil agus éifeachtúlacht chnámh droma digiteach an rialtais a neartú agus infheistíocht a dhéanamh i réitigh, gléasanna agus uirlisí digiteacha iomchuí* faoi chomhchuid 3: *An digiteáil*. Baineann sé sin le cloch mhíle 4.2 faoi bheart C4-R1: *Creat beartais sláinte a fhorbairt agus a chur chun feidhme atá dírithe ar an gcóras sláinte a dhéanamh níos inbhuanaithe agus níos athléimní, agus béim ar leith á leagan ar an tsláinte choisctheach agus ar lucht saothair láidir* faoi chomhchuid 4 *Sláinte*. Baineann sé sin le sprioc 5.1 agus sprioc 5.2 agus an tuairisc ar an athchóiriú faoi bheart C5-R1: *Bearta coisctheacha luathfhágáil na scoile a neartú, agus béim á leagan ar shealbhú scileanna*, agus cloch mhíle 5.5 agus an tuairisc ar an athchóiriú faoi bheart C5-R2: *Forbairt agus aitheantas scileanna a neartú, agus béim ar leith á leagan ar dhaoine fásta ar bheagán oiliúna* faoi chomhchuid 5: *Oideachas ar ardchaighdeán a fheabhsú agus an inbhuanaitheacht shocheacnamaíoch a chothú*. Baineann sé sin le cloch mhíle 6.27 agus an tuairisc ar an athchóiriú faoi bheart C6-R8 *Comhrac Mhálta a neartú i gcoinne an sciúrtha airgid/mhaoiniú na sceimhlitheoireachta/smachtbhannaí airgeadais spriocdhírithe (AML/CFT/TFS)*, sprioc 6.33 agus sprioc 6.34 faoi bheart C6-R10: *Reachtaíocht shonrach maidir le Praghsáil Aistrithe* agus an tuairisc ar infheistíocht C6-I1: An digiteáil sa chóras ceartais faoi chomhchuid 6 *An creat institiúideach a neartú*. Ar an mbonn sin, d'iarr Málta foclaíocht na gcloch míle, na spriocanna agus na dtuairiscí ar bhearta thuasluaite a leasú lena mbainfí gnéithe a bhí ina mionsonraí neamhriachtanacha. A mhéid a bhaineann le sprioc 2.17 agus 2.16a, baineann an t-athbhreithniú le sprioc 2.16a a bhaint agus leis an amlíne maidir le cur i gcrích sprioc 2.17 a thabhairt chun tosaigh go R4 2024. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 5 Deireadh Fómhair 2021 a leasú dá réir.

(8) Maidir le hoiliúint 27 as 85 mhúinteoir arna beartú i sprioc 5.2 de bheart C5-R1 (Bearta coisctheacha luathfhágáil na scoile a neartú, agus béim á leagan ar shealbhú scileanna) faoi chomhchuid 5 (Oideachas ar ardchaighdeán a fheabhsú agus an inbhuanaitheacht shocheacnamaíoch a chothú), chuir Málta in iúl don Choimisiún gur cuireadh tús leis an oiliúint sin roimh thréimhse incháilitheachta na Saoráide agus d'iarr sí an sprioc a laghdú ó 85 go 58 múinteoir oilte. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 5 Deireadh Fómhair 2021 a leasú dá réir.

(9) Measann an Coimisiún, leis na cúiseanna arna gcur chun cinn ag Málta, go bhfuil údar maith leis na leasuithe de bhun Airteagal 21(2) de Rialachán (AE) 2021/241, agus gur cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 5 Deireadh Fómhair 2021 a leasú dá réir.

***Dáileadh na gcloch míle agus na spriocanna***

(10) Ba cheart dáileadh na gcloch míle agus na spriocanna i dtráthchodanna a mhodhnú chun na leasuithe ar an bplean agus an amlíne tháscach a chuir Málta i láthair a chur san áireamh.

***Ceartúcháin ar earráidí cléireachais***

(11) Sainaithníodh trí earráid chléireachais i dtéacs an Chinnidh Cur Chun Feidhme ón gComhairle, lena ndéantar difear do thrí bheart faoi thrí chomhchuid. Ba cheart an Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle a leasú chun na hearráidí cléireachais sin a cheartú, earráidí nach dtagann le hábhar an phlean téarnaimh agus athléimneachta a cuireadh faoi bhráid an Choimisiúin an 13 Iúil 2021, mar a comhaontaíodh idir an Coimisiún agus Málta. Baineann na hearráidí cléireachais sin leis an tuairisc ar bheart C2-R2: *Tuilleadh úsáide a bhaint as an iompar poiblí comhchoiteann de bhóthar a chur chun cinn* faoi chomhchuid 2: *An t-iompar a dhícharbónú*; an tuairisc ar bheart C3-I1: *Athléimneacht, slándáil agus éifeachtúlacht chnámh droma digiteach an rialtais a neartú agus infheistíocht a dhéanamh i réitigh, gléasanna agus uirlisí digiteacha iomchuí* faoi chomhchuid 3: *An digiteáil;* agus an tuairisc ar bheart C6-R10: *Reachtaíocht shonrach maidir le Praghsáil Aistrithe* faoi chomhchuid 6: *An creat institiúideach a neartú*. Ní dhéanann na ceartúcháin sin difear do chur chun feidhme na mbeart lena mbaineann.

***Measúnú ón gCoimisiún***

(12) Rinne an Coimisiún measúnú ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe i gcomparáid leis na critéir mheasúnaithe a leagtar síos in Airteagal 19(3) de Rialachán (AE) 2021/241.

(13) Measann an Coimisiún nach ndéanann na leasuithe a chuir Málta chun cinn difear don mheasúnú dearfach ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta a leagtar amach i gCinneadh Cur Chun Feidhme ST 11941/2021 ón gComhairle an 5 Deireadh Fómhair 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta Mhálta i ndáil le hábharthacht, éifeachtacht, éifeachtúlacht agus comhleanúnachas an phlean téarnaimh agus athléimneachta i gcomparáid leis na critéir mheasúnaithe a leagtar síos in Airteagal 19(3), pointí (a), (b), (c), (d),(da), (db), (e), (f), (g), (h), (i), (j) agus (k).

***Measúnú dearfach***

(14) Tar éis an mheasúnaithe dhearfaigh ón gCoimisiún maidir leis an bplean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe, measúnú inar cinneadh go gcomhlíonann an plean go sásúil na critéir mheasúnaithe a leagtar amach i Rialachán (AE) 2021/241, i gcomhréir le hAirteagal 20(2) den Rialachán sin agus le hIarscríbhinn V a ghabhann leis, ba cheart a leagan amach na hathchóirithe agus na tionscadail infheistíochta is gá chun an plean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe a chur chun feidhme, mar aon leis na clocha míle, na spriocanna agus na táscairí ábhartha, maille leis an méid a chuireann an tAontas ar fáil i bhfoirm tacaíochta airgeadais neamh-inaisíoctha le haghaidh chur chun feidhme an phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe.

***Ranníocaíocht airgeadais***

(15) Is é EUR 336 319 658 costais iomlána mheasta phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe Mhálta. Ós rud é go bhfuil méid chostais iomlána mheasta an phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe níos airde ná an ranníocaíocht uasta airgeadais nuashonraithe atá ar fáil do Mhálta, an ranníocaíocht airgeadais iomlán arna cinneadh i gcomhréir le hAirteagal 4a de Rialachán (AE) 2021/1755 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Airteagal 20(4) agus Airteagal 21a(6) de Rialachán (AE) 2021/241 arna leithdháileadh ar phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe Mhálta, ba cheart an ranníocaíocht sin a bheith comhionann le EUR 328 230 928. Dá bhrí sin, níl aon athrú ar an ranníocaíocht airgeadais a cuireadh ar fáil do Mhálta.

(16) Dá bhrí sin, ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme 11941/2021 INIT; ST 11941/2021 ADD 1 ón gComhairle an 5 Deireadh Fómhair 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta Mhálta a leasú dá réir. Ar mhaithe le soiléireacht, ba cheart an Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle sin a ionadú go hiomlán,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) ón gComhairle an 5 Deireadh Fómhair 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta Mhálta mar a leanas: (1) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 1:

'*Airteagal 1*

*Formheas an mheasúnaithe ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta*

Formheastar an measúnú ar Phlean Téarnaimh agus Athléimneachta modhnaithe Mhálta ar bhonn na gcritéar dá bhforáiltear in Airteagal 19(3) de Rialachán (AE) 2021/241. Leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo na hathchóirithe agus na tionscadail infheistíochta faoin bplean téarnaimh agus athléimneachta, na socruithe agus an t-amchlár i ndáil le faireachán a dhéanamh ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta agus é a chur chun feidhme, lena n-áirítear na clocha míle agus na spriocanna ábhartha, na táscairí ábhartha a bhaineann le comhlíonadh na gcloch míle agus na spriocanna beartaithe, agus na socruithe chun rochtain iomlán ar na bunsonraí ábhartha a sholáthar don Choimisiún.';

*Airteagal 2*
*Seolaí*

Is chuig Poblacht Mhálta a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*